




Saoránacht áitiúil agus Dhomhanda

leathanaigh ghníomhaíochta d'aonad 1



NÁ SCRÍOBH
SA SPÁS SEO

NÁ SCRÍOBH
SA SPÁS SEO

Domhan Idéalach . . .



NÁ SCRÍOBH
SA SPÁS SEO

NÁ SCRÍOBH
SA SPÁS SEO

Cáirte Téama na Saoránachta

Ilchineálacht agus Cuimsitheacht	Comhionannas agus Ceartas Sóisialta
Ceartha Daonna agus Freagracht Shóisialta	Daonlathas agus Rannpháirtíocht

Biongó na nDaoine – Faigh duine éigin sa ghrúpa ar féidir leis/léi freagra dearfach a thabhairt ar ráiteas amháin díobh seo thíos. Cuir an t-ainm atá air/uirthi sa bhosca cheart. Caithfidh ainm difriúil a bheith i ngach bosca ...

Tá cara ag ... a théann ar scoil eile	Creideann ... gur chóir go mbeadh cead vótála ag páistí	Creideann ... nach féidir le cailíní peil a imirt	Cuidigh ... le hairgead a bhailiú do chumann carthannachta	Tá aithne ag ... ar dhuine a chónaíonn i dtír eile
Creideann ... go bhfuil sé de cheart ag gach duine dul ar scoil	Creideann ... nár chóir go mbeadh rialacha scoile ar bith ann	Tá aithne ag ... ar dhuine faoi mhíchumas	Creideann ... nach bhfuil sé de cheart ag popréalt príobháid a bheith aige/aici	Tá ... ina bhall de chlub ógra nó d'eagraíocht
Ghlac ... páirt i ngníomhaíocht idirscoileanna	Creideann ... go bhfuil sé de cheart ag gach duine cibé rud is mian leis a rá	Ghlac ... páirt thar cheann na scoile	Creideann ... gur chóir go bhfaigheadh gach páiste an méid céanna d'airgead póca	Creideann ... gur caitheadh go héagothrom leis/léi uair éigin sa scoil

Bunrialacha

Anseo thíos tá samplaí de bhunrialacha.

Cén bharúil atá agat orthu? An ndéanfá iad a athrú? An gcuirfeá rialacha eile leo?

- 1 Ba chóir nach mbeadh ach duine amháin ag labhairt san am amháin.
- 2 Is féidir a bheith easaontach gan a bheith eascairdiúil!
- 3 Sula gcuireann tú i gcoinne barúil duine eile caithfidh tú a bheith ábalta a rá cad é a dúirt sé/sí.
- 4 Má éiríonn comhrá iontach teasaí tá cead ag an mhúinteoir “am sosa” a ghairm agus stop a chur leis an chomhrá.

“Glacaimid gur léir na fírinní seo iontu féin, gur comhionann gach duine ar uair a gcruthaithe, go dtugann an Cruthaitheoir Cearta doshéanta dó, orthu siúd tá Saol, Saoirse agus tóraíocht Sonais.”

Dearbhú Neamhspleáchais Mheiriceá

“Tá fis agam go mairfidh an ceathrar páistí agam beo i náisiún nach ndéanfar breithiúnas orthu ann i ngeall ar dhath craicinn ach i ngeall ar cháilíocht charachtair.”

Martin Luther King

“ Faoin dlí beidh cothromaíocht ag gach saoránach mar dhuine daonna.”

Bunreacht na hÉireann

“Caithfimid comhoibriú le chéile mar mhuintir aontaithe, ar mhaithe le hathmhuintearais náisiúnta, ar mhaithe le tógáil náisiúin, ar mhaithe le cruthú domhain nua. Bíodh ceartas ag gach duine ann. Bíodh síocháin ag gach duine ann. Bíodh obair, arán, uisce agus salann ag gach duine ann. Ní dhéanfaidh dream amháin leatrom ar dhream eile riamh choíche arís sa tír álainn seo agus ár náiriú os comhair an tsaoil. Bíodh sairse i réim.”

Nelson Mandela (ar oirniú dó)

“Tabharfaidh mé comhairle duit. Nuair atá amhras ort, nó nuair a éiríonn an duine féin barraíocht duit, bain triail as an teist seo a leanas. Tabhair chun cuimhne aghaidh an duine is boichte agus is laige dá bhfaca tú riamh, agus fiafraigh díot féin an mbeidh buntáiste dó sa rud atá ar intinn agat a dhéanamh. An mbeidh tairbhe ann dó? An mbeidh an saol agus an chinniúint aige faoi smacht aige arís? I bhfocail eile, an mbeidh sairse ann do na milliúin a bhfuil ocras orthu agus atá ar bheagán creidimh?”

Gandhi

“Is maith an rud é olc a shárú le maith, is olc an rud é olc a throid le holc”

Buddha

“Beirtear gach duine saor agus comhionann maidir le dínit agus cearta. Bronntar ciall agus coinsias orthu uile agus ba chóir dóibh plé lena chéile le meon an bhráithreachais.”

Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine

